NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Scileanna TF

## Modúl Roghnach

## I gcomhair comhairliúcháin

Samhain 2025

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea Scileanna TF.

Modúl amháin atá i gceist le Scileanna TF. Ceapadh é le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Scileanna TF | 60 |

# Réasúnaíocht

Tugann an modúl roghnach seo deis do scoláirí a gcuid scileanna TF a chur chun cinn agus a chomhtháthú in go leor réimsí foghlama. Trí ghníomhaíochtaí praiticiúla agus an fhoghlaim faoi threoir, neartaíonn scoláirí an inniúlacht atá acu an teicneolaíocht a úsáid go héifeachtach thar réimse comhthéacsanna. Cothaítear saoránacht dhigiteach[1] trí fhorbairt a dhéanamh ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a theastaíonn chun dul i ngleic go freagrach, eiticiúil agus sábháilte leis an domhan digiteach.

I gcás an mhodúil seo, tagraíonn scileanna TF do na hinniúlachtaí a chabhraíonn le scoláirí ríomhairí, taibléid, agus gléasanna digiteacha eile a úsáid go muiníneach agus go sábháilte. Baineann na nithe seo a leanas le scileanna TF: faisnéis a chlóscríobh agus a ionchur (tríd an méarchlár, luchóg, scáileán tadhaill, caint srl.); bogearraí a úsáid le haghaidh tascanna amhail cur i láthair agus próiseáil focal; an tsábháilteacht ar líne a fhiosrú agus a thuiscint; an teicneolaíocht a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh agus comhaid a bhainistiú; agus úsáid a bhaint as an teicneolaíocht oiriúnaitheach.

Agus scoláirí ag dul i ngleic ar bhealach níos doimhne le Scileanna TF, is féidir leo na scileanna sin a úsáid in go leor modúl agus réimsí curaclaim. Tacaíonn sé seo le scoláirí tuiscint dhearfach orthu féin a fhorbairt de réir mar a aistrítear an fhoghlaim sa mhodúl seo agus mar a úsáidtear í thar roinnt réimsí foghlama.

Cuireann an modúl seo deiseanna ar fáil do scoláirí chun an cumas atá acu bainistiú a dhéanamh ar a gcuid foghlama a mhéadú. Is féidir leis an eispéireas a bhíonn i gceist lena gcuid oibre féin a chruthú agus a fhéinstiúradh a bheith claochlaitheach do scoláirí de réir mar a fhoghlaimíonn siad bealaí nua chun a gcuid oibre a phleanáil agus a eagrú, a chur ar fáil, a chríochnú agus a chur i láthair ar bhealach níos éifeachtaí, ina n-aonair agus i ngrúpaí, agus iad ag fáil taithí luachmhar ag an am céanna a chuireann lena bhforbairt iomlánaíoch.

Cuireann forbairt scileanna TF na scoláirí le forbairt na bpríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus a mhalairt. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas na scoláirí, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

[1] Tagraíonn an tsaoránacht dhigiteach d'úsáid fhreagrach, eiticiúil agus shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha. Is éard atá i gceist leis, tuiscint a léiriú ar iompar cuí ar líne, meas a léiriú ar chearta daoine eile, faisnéis phearsanta a chosaint agus an teicneolaíocht a úsáid chun a bheith rannpháirteach go dearfach i bpobail dhigiteacha.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl seo, tógtar ar fhoghlaim agus eispéiris na scoláirí i gCuraclam na Bunscoile agus sa Chreat don tSraith Shóisearach. Tacaíonn an fhoghlaim tríd an modúl roghnach Scileanna TF go sonrach le príomhscileanna ón tsraith shóisearach a fhorbairt, príomhscileanna a bhaineann le féinbhainistiú, le fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Tríd an modúl, cuirtear forbairt agus foghlaim chun cinn freisin i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile, soghluaisteacht agus scileanna fóillíochta.

Is é is aidhm don mhodúl roghnach príomhinniúlachtaí sraithe sinsearaí na scoláirí a fhorbairt, is iad sin, smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna, bainistiú foghlama agus féinbhainistiú, agus cumarsáid, agus chomh maith leis sin, neamhspleáchas níos mó a chur chun cinn, agus tuiscint gaisce agus muiníne a sholáthar do na scoláirí ina gcuid foghlama. Tugtar deiseanna do na scoláirí a léiriú conas is féidir foghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil. Tá aistriú uilíoch i gceist leis an bhfoghlaim a fhaightear anseo ar fud réimsí iomadúla foghlama. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht na scoláirí a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith cruthaitheach agus iad féin a chur in iúl. Tríd sin tacaítear leis na scoláirí lasmuigh den scoil agus soláthraítear tuiscint gaisce agus muiníne dóibh de réir mar a aistríonn siad chuig saol na hoibre, an staidéir nó seirbhísí breise, agus chuig an saol lasmuigh den scoil.

## Teagasc agus foghlaim

Éascaíonn an modúl roghnach seo cur chuige praiticiúil, scafláilte agus scoláire-lárnaithe i leith an teagaisc agus na foghlama is féidir a chur i bhfeidhm go héasca thar go leor comhthéacsanna. Trí dhul chun cinn i dtreo torthaí foghlama a bhaint amach, forbraítear muinín agus litearthacht dhigiteach fheidhmiúil trí úsáid shábháilte agus threoraithe na teicneolaíochta. Baineann scoláirí leas as idirghníomhuithe laethúla inláimhsithe le ríomhairí agus le gléasanna a úsáideann siad ar scoil, sa bhaile nó sa phobal.

Is modúl roghnach é Scileanna TF a mbaineann foghlaim leis is féidir a úsáid ar fud eispéireas foghlama sraithe sinsearaí na scoláirí. Níor cheart scileanna TF na scoláirí a fhorbairt astu féin - ba cheart iad a fhorbairt trí raon leathan gníomhaíochtaí, tionscadal agus eispéireas foghlama a dtugann scoláirí fúthu le linn na sraithe sinsearaí. Roinnt samplaí de chomhtháthú agus d'fhoghlaim thraschuraclaim is ea úsáid a bhaint as bogearra cur i láthair, obair bhaile a chlóscríobh, léarscáil ar líne a úsáid, agus léiríonn siad seo an luach fíorshaoil a bhaineann le scileanna TF.

Is féidir tascanna a dhearadh a thógann ar láidreachtaí, spéiseanna agus réamhfhoghlaim na scoláirí i gcéimeanna beaga soláimhsithe. Cumasaítear sa mhodúl roghnach seo an fhoghlaim rialta agus athdhéanamh tascanna, amhail logáil isteach, feidhmchláir a oscailt, agus ainmneacha agus pasfhocail a chlóscríobh. D'fhéadfadh tascanna amhail iontrálacha seachtainiúla dialainne nó blag a chur in eagar deiseanna eile a chur ar fáil don athdhéanamh, rud a sholáthródh scoláirí le tuiscint ar neamhspleáchas agus úinéireacht ar a gcuid foghlama, ionas go mbíonn siad líofa agus muiníneach ina gcuid scileanna TF. Chun rialacha sábháilteachta ar líne a mhúineadh go follasach ar bhealach praiticiúil, d'fhéadfaí a mhúineadh do na scoláirí conas teachtaireacht amhrasach a

aithint, a bhfuil i gceist le faisnéis phearsanta a shainaithint agus conas an fhaisnéis seo a choimeád sábháilte. Is féidir cumarsáid mheasúil agus príobháideacht i dtascanna laethúla a mbaineann idirghníomhuithe ar líne leo a athdhearbhú agus a athneartú do scoláirí.

Cabhraíonn sceidil amhairc, treoracha maisithe agus seicliostaí le scoláirí cuimhneamh ar sheichimh, mar shampla, conas ríomhphost a sheoladh nó comhad a shábháil. B'fhéidir gur mhaith le múinteoirí tascanna a thaispeáint ar theilgeoir nó ar scáileán roinnte, rud a chumasódh scoláirí lena leanúint ar a gcuid gléasanna féin. Trí rogha a thabhairt do scoláirí maidir le conas a chuireann siad a gcuid oibre i láthair, mar shampla, trí phóstaer digiteach, físeán nó cur i láthair Powerpoint™ a úsáid, cumasaítear rannpháirteachas scoláirí mar go mbíonn scoláirí ag foghlaim i ngan fhios dóibh féin trína gcuid láidreachtaí. Is bealach é freisin chun rogha agus neamhspleáchas na scoláirí a chur chun cinn mar go roghnaíonn na scoláirí an fhormáid ina léireoidh siad a gcuid oibre.

B'fhéidir go mbeadh ar scoláirí téacs tuarthach, léitheoirí scáileáin, tras-scríbhinn, teicneolaíochtaí léitheoireachta os ard nó comhéadain níos éasca a úsáid. D'fhéadfadh cuid acu tairbhe a bhaint as obair le piara ar ról sannta laistigh de thionscadal. Cothaíonn sé seo caidreamhacht agus cumasaíonn sé scoláirí chun muinín a fhorbairt agus chun idirspleáchas a chur chun cinn, ní hamháin in TF ach san obair i gcomhair le daoine eile freisin. Is féidir aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha na scoláirí agus iad a cheiliúradh trí shárthaispeántais seomra ranga nó taispeántais dhigiteacha

## Modúl: Scileanna TF

### Tuairisceoir modúil

Mar chuid den mhodúl seo, bíonn ar scoláirí gléasanna a úsáid; faisnéis a chlóscríobh agus a ionchur; bogearraí a bhfuil cur amach acu orthu a thuiscint; sábháilteacht idirlín a thuiscint; agus úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun cumarsáid a dhéanamh agus bheith eagraithe. Úsáideann scoláirí a dtaithí ar TF chun tacú lena n-obair scoile ar bhonn laethúil, agus lena n-idirghníomhuithe leis an domhan ar líne. Forbraíonn scoláirí a bhfeasacht ar an domhan ar líne agus ar conas is féidir a bheith rannpháirteach ann go sábháilte agus go freagrach.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| **Foghlaim idirghníomhach**<br><br>Foghlaimíonn na scoláirí conas gléasanna a úsáid go héifeachtach agus faisnéis a bhailiú, a eagrú, a chur le chéile agus a chur i láthair i bhformáidí éagsúla.<br><br>. | a. gléas a chasadh ar siúl, logáil isteach air, é a úsáid agus é a scor go sábháilte<br>b. bunuirlisí digiteacha,[2] crua-earraí agus téarmaíocht a shainaithint agus a úsáid<br>c. téacs a chruthú agus a chur in eagar, agus cáipéis a uaslódáil/a shábháil ar ghléas nó ar néalardán<br>d. grianghraf, íomhá, pictiúr sábháilte nó físeán a chur isteach i gcomhad<br>e. comhaid agus fillteáin a eagrú ar ríomhaire nó ar néalardán<br>f. scéal, dialann, blag nó taifead ar imeachtaí digiteach nó ar líne a chruthú ag baint úsáid as bogearra cuí<br>g. bosca isteach a eagrú |

[2] Áirítear le huirlisí digiteacha bogearraí, suíomhanna gréasáin, aipeanna agus acmhainní ar líne agus ríomhairithe eile.

| | |
|---|---|
| | h. bogearra inrochtaineachta a úsáid nuair is cuí<br>i. tábla, graf nó cairt a chruthú agus a chur isteach i gcomhad nuair is cuí<br>j. inneall cuardaigh a úsáid go cuí<br>k. faisnéis ó fhoinsí éagsúla a eagrú nó a achoimriú<br>l. faisnéis a chur i láthair ag baint úsáid as bogearra cur i láthair |
| **Dul i ngleic le sábháilteacht ar líne**<br>Forbraíonn scoláirí a bhfeasacht maidir le taighde a dhéanamh ar an tsábháilteacht dhigiteach agus an domhan ar líne agus maidir le dul i ngleic leo go sábháilte. Tagann siad ar shuíomhanna gréasáin sábháilte agus oiriúnach do spéiseanna scoile agus pearsanta. Úsáideann scoláirí a gcuid scileanna réasúnaíochta agus smaointeoireachta nuair a mheasann siad faisnéis a chuardaigh siad agus a d'aimsigh siad ar líne. | m. téarmaíocht bhunúsach idirlín a shainaithint, mar shampla, brabhsálaí, inneall cuardaigh, an gréasán domhanda, suíomh gréasáin<br>n. teacht ar fhaisnéis ag úsáid straitéisí amhail príomhfhocail nó téarmaí<br>o. ábhar fógraíochta nó urraithe a aithint<br>p. léiriú a thabhairt ar úsáid aipeanna agus gléasanna chun críocha cumarsáide<br>q. cuntas ar líne a chruthú ar a rogha suíomh gréasáin<br>r. rochtain a fháil ar fhoirmeacha ábhartha ar líne agus iad a chomhlánú<br>s. rud éigin a chur in áirithe ar líne<br>t. cáipéisí agus grianghraif ábhartha a uaslódáil nuair is gá<br>u. ceol, físeáin nó scannáin ó fhoinsí oiriúnacha a shruthú nó a íoslódáil<br>v. léiriú a thabhairt ar bhunsábháilteacht ar líne agus saoránacht dhigiteach. |

